C/2024/1348

5.2.2024

Fógra le haghaidh Zimbabwe Defence Industries, eintiteas atá faoi réir na mbearta sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2011/101/CBES ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/460 ón gComhairle, agus i Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 ón gComhairle, a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiombáib

(C/2024/1348)

Cuirtear an fhaisnéis seo a leanas in iúl don eintiteas a luaitear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2011/101/CBES ón gComhairle ([1]), arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/460 ón gComhairle ([2]), agus in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 ón gComhairle ([3]), a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiombáib.

Chinn Comhairle an Aontais Eorpaigh gur cheart an t-eintiteas a luaitear sna hiarscríbhinní thuas a áireamh i gcónaí ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2011/101/CBES agus Rialachán (CE) Uimh. 314/2004.

Cuirtear in iúl don eintiteas lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann, mar a léirítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) 314/2004, chun údarú a fháil cistí reoite a úsáid chun bunriachtanais nó íocaíochtaí sonracha a chumhdach (cf. Airteagal 7 den Rialachán).

Féadfaidh an t-eintiteas lena mbaineann iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle, roimh an 1 Samhain 2024, in éineacht le doiciméadacht tacaíochta, gur cheart breathnú arís ar an gcinneadh iad a chur ar an liosta thuasluaite. Is ceart aon iarraidh den chineál sin a chur chuig an seoladh seo:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

R-phost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirtear in iúl don eintiteas lena mbaineann freisin gur féidir cur i gcoinne an Chinnidh ón gComhairle os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 275, an dara mír, agus in Airteagal 263, an ceathrú agus an séú mír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 42, 16.2.2011, lch. 6.
([2]) IO L 2024/460, 5.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/460/oj
([3]) IO L 55, 24.2.2004, lch. 1.